Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 6 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10255/19**

**HYBRID 24**
**COPS 189**
**CFSP/PESC 476**
**JAI 687**
**COTER 76**
**CYBER 205**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí i ndáil leis an obair a rinneadh faoi Ghníomh 1 den Chreat Comhpháirteach maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha<br>- Conclúidí ón gComhairle - (6 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an obair a rinneadh faoi Ghníomh 1 den Chreat Comhpháirteach maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3697ú cruinniú dá cuid, a reáchtáladh ar an 21 Eanáir 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ I nDÁIL LEIS AN OBAIR A RINNEADH FAOI GHNÍOMH 1 DEN CHREAT COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE CUR I gCOINNE BAGAIRTÍ HIBRIDEACHA**

Comhairle an Aontais Eorpaigh,

1. AGUS Á MHEABHRÚ DI Teachtaireacht Chomhpháirteach 2016 chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha - Freagairt an Aontais Eorpaigh ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus na conclúidí ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha;

2. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach mhí an Mhárta 2018, inar luadh gur cheart don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit leanúint dá n-inniúlachtaí a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí hibrideacha, mar aon leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach mhí an Mheithimh 2018, inar meabhraíodh gur gá don Eoraip níos mó den fhreagracht a ghlacadh uirthi féin as a slándáil féin, agus bonn ceart a chur faoina ról mar ghníomhaí agus mar chomhpháirtí barántúil iontaofa i réimse na slándála agus na cosanta;

3. AGUS Á AITHINT AICI gur faoi na Ballstáit go príomha atá sé cur i gcoinne bagairtí hibrideacha;

4. AGUS Á THABHAIRTDÁ hAIRE gur sainaithníodh cur i gcoinne bagairtí hibrideacha mar cheann de na príomhghnéithe a nascann beartas inmheánach agus seachtrach iarrachtaí an Aontais Eorpaigh chun a thimpeallacht slándála a fheabhsú agus chun an tAontas agus a chuid saoránach a chosaint;

5. AGUSBÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá Meitheal Chairde na hUachtaránachta (Gníomh 1 den Chreat Comhpháirteach maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha a chur chun feidhme) d'fhonn feasacht a ardú, lena n-áirithítear cur chuige uile-rialtais na n-iarrachtaí leanúnacha atá ar bun ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear malartú dea-chleachtas agus comhroinnt faisnéise d'fhonn rannchuidiú le comhthuiscint ar leibhéal an Aontais maidir le bagairtí hibrideacha;

6. AGUS Á AITHINT AICI iarrachtaí na mBallstát le suirbhé a dhéanamh ar an riosca hibrideach agus é á aithint aici go bhfuil gá le tuilleadh oibre fós d'fhonn feabhas a chur go leanúnach ar chumas athléimneachta an Aontais Eorpaigh i gcoinne bagairtí hibrideacha;

LEIS SEO,

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh i dtaca leis an suirbhé ar an riosca hibrideach a bheartaítear i nGníomhaíocht 1 den Chreat Comhpháirteach, arna dhéanamh ag Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar na príomhleochaileachtaí maidir le bagairtí hibrideacha, chomh maith le scaipeadh iomchuí na dtorthaí idir Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí;

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar SEGS an toradh a thabhairt dá n-aire d'fhonn leanúint de bheith ag obair, i gcomhar leis na Ballstáit, chun réimsí a aithint a dteastaíonn tuilleadh airde uathu agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar SEGS aird a tharraingt ar na leochaileachtaí a sainaithníodh trí Ghníomh I agus tús áite a thabhairt dóibh siúd ar cheart dul i ngleic leo ar leibhéal an Aontais Eorpaigh;

9. IARANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar SEGS leanúint d'aird chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle a tharraingt ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gníomhaíochtaí atá bainte amach faoin gcreat d'fhonn comhthuiscint a éascú, d'fhonn feasacht ar na bagairtí os comhair an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát faoi láthair a ardú agus d'fhonn iarrachtaí chun cur i gcoinne na mbagairtí sin a threisiú;

10. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí is atá cur chuige níos comhordaithe idir na Ballstáit agus idir institiúidí an Aontais Eorpaigh féin i bhfianaise nádúr iltoiseach na mbagairtí sin agus a dtionchar ar shlándáil an Aontais;

11. IARRANN SÍ ar an Aontas agus ar na Ballstáit leanúint de bheith ag roinnt faisnéise agus dea-chleachtas, ar bhonn deonach, chun rannchuidiú le comhthuiscint an Aontais ar bhagairtí hibrideacha.